In deciding on where we should transmit reports, we consider which body would be best placed to follow-up on the allegations made in reports and to provide feedback to the reporter on that follow-up. In some cases, this results in us transmitting reports to regulatory bodies, while in others we transmit reports to a senior member of the body against whom allegations of wrongdoing have been made.


This can lead to objections from reporters. However, unlike the report recipients, the Act does not provide an objection mechanism for reporters. Despite this, our Office is committed to ensuring that reporters are given explanations as to who we transmit their report to and why we believe it is the best place to have their allegations investigated.

In 2023, we received 11 objections from reporters who were dissatisfied with our decision in relation to the transmission of their report.

8. Reports which contain more than one allegation

Most of the 283 reports we received in 2023 contained more than one allegation. While in most cases all the allegations fell to be dealt with by the same recipient, in some cases they fell under the remit of a number of different recipients. In those cases, we considered whether or not there was a readily identifiable core or central allegation in the relevant reports and, where there was, we transmitted those reports in full to the recipient best placed to deal with that allegation.

In general, the Commissioner takes the view that a single, thorough assessment is likely to produce more effective results than a series of separate assessments or investigations. However, in cases where no such core allegation could be identified, we transmitted each of the separate allegations to the most appropriate recipient which resulted in reports being split between several different recipients. To mitigate against any potential overlap of investigation by the different recipients of these split cases, the Office notified each recipient which allegation(s) were being transmitted both to them and another recipient. We also notified the relevant reporters.



9. Cases accepted and assessed by the Protected Disclosures Commissioner

In certain circumstances where we are unable to identify an appropriate prescribed person or other suitable person who can deal with a report, we are required to accept the report ourselves as the recipient of last resort. During 2023 we accepted 14 reports as the recipient of last resort. We had previously engaged with some public bodies on five of these reports but the bodies provided valid reasons as to why the reports fell outside of their remit.

Four of the 14 cases which we accepted were assessed and closed following further engagement with the reporters. Sometimes this engagement did not give us enough clarity on the reports to conclude that there is any prima facie evidence that a relevant wrongdoing may have occurred. For example, one of the cases related to the conduct, some years previously, of a former employee (a professional in a healthcare setting). We carried out an initial assessment and sought to establish the name and location of the service in question. However, we had insufficient information and were unable to determine that there was prima facie evidence that a relevant wrongdoing may have occurred. The report was anonymous and we were unable, therefore, to gain any further information from the person reporting.

Another case concerned a report relating to the alleged manipulation of an election for a senior position in a sporting body. We assessed the report and found that the alleged wrongdoing did not meet the definition of a “relevant wrongdoing” under the Act and we closed the case on that basis. Part of this report was also transmitted to a Prescribed Person for separate assessment of that element of the report.

The two other cases were also closed on initial assessment, as there was no prima facie evidence that a relevant wrongdoing may have occurred in a work related context.

We received another anonymous report towards the end of the year which had two elements to it. We were able to transmit part of the report to the relevant body. Part of the report related to allegations of domestic abuse against a particular worker. We accepted this part of the report and carried out an initial assessment. We found there was no prima facie evidence of wrongdoing in a work place setting and closed that part of the report. We did, however, refer the allegations of domestic abuse to An Garda Síochána.


The Office was, at the end of 2023, still carrying out initial assessments on the remaining 10 cases accepted for follow-up.

10. Corporate Governance

Corporate Services support for the Office of the Protected Disclosures Commissioner and a number of other statutory Offices, is provided by the Office of the Ombudsman. While the different Offices each carry out separate and distinct statutory functions, the Office functions as a single amalgamated agency in organisational terms. The Office is funded by one Vote and overseen by an Accounting Officer (Director General) who is supported by a Management Advisory Committee. In carrying out their work our staff embrace the traditional obligations of privacy and integrity in the performance of official duties while at the same time protecting and preserving the statutory independence and functions of each of the constituent offices in which they work.

Updates in relation to our Corporate Governance is set out on the [Strategy and Governance page](#) on the website of the Office of the Ombudsman.

This link includes updates in relation to:

- our Strategic Plan 2022-25
 - our compliance with the requirements under the Irish Language Act
 - our compliance with the requirements of the Protected Disclosures Act
 - our compliance with the requirements under s.42 IHREC Act (the duty on public servants in relation to human rights)
 - our Corporate Governance Framework
 - our Green Team (including our compliance with the Climate Action and Low Carbon Development Act)
 - membership of organisations.
- 

11. Case studies

Case Study: Allegations of wrongdoing in a Day Care service

Background

A man made two protected disclosure reports to the Health Information and Quality Authority (HIQA) regarding Day Care services. HIQA sent these reports to us as it did not have the remit to investigate the allegations in the reports.

We contacted the man to seek clarification on the reports but this was not provided and the man then stopped contact with us.

The reports concern a disability service and support organisation and allege the following wrongdoings by two named staff members:

- Institutional abuse by a manager against service users.
- A manager not holding any social care qualifications required for their role.
- Regular verbal abuse of service users by a named manager and a staff member.
- Eleven thefts from the organisation of money and new cars.

Outcome

As the allegations are of theft in the workplace and the treatment of service users, the Commissioner sent the report to the Chairperson of the disability service organisation. The allegations made were against individuals at a junior level in the organisation and did not include any alleged wrongdoing by senior personnel. In the circumstances of this report, the Commissioner considered that the Chairperson of the organisation would be best placed to properly follow up the allegations, including carrying out an investigation if appropriate, and would be capable of protecting the identity of both the reporting person and the person against whom the allegation was made.

Case Study: Gap in regulation of addiction service

Background

A woman contacted HIQA by email to highlight her concerns about an addiction service facility a family member is attending. The woman said that there was no hot water, no working washing machines and that service users were stopped from accessing water in vending machines. Under the Health Act 2007, as amended, HIQA does not have a remit for addiction services so the report was sent to us.

Outcome

As there was no appropriate 'prescribed person' to whom to transmit this report, and as the allegations related to how residents were being treated in a facility provided by an addiction service, the Commissioner sent the report to the CEO of the addiction service as an 'other suitable' person, as the CEO has oversight over the particular facility.

This case highlights a gap in regulation in that the body established to oversee the quality of service provision in the health sector (HIQA) does not have remit over the particular services that are the subject of the allegations made by the reporter.

Case Study: The 'objection mechanism' in the Protected Disclosures Act

Background

We received a report from an employee who worked with a company offering protective equipment and services. Their role in the company involved the maintenance and servicing of commercial systems for premises used by the public, including a crèche/family resource centre. They alleged that the training received, and methods applied, to carry out the service were not appropriate. We sent the report to the Private Security Authority (PSA) as a Prescribed Person.

Outcome

The PSA objected to us sending the report to it as the specific systems are not security systems and therefore do not fall within the remit of the PSA. We accepted this objection and decided to send the report to the Competition and Consumer Protection Commission (CCPC) as an 'Other Suitable Person'.

This is because it is an offence under section 19(1) of the National Standards Authority of Ireland 1996 to make a representation which is false in any material respect that any commodity, process or practice is of standard specification and this offence can be prosecuted by the CCPC. The CCPC accepted the report. Part of the role of the OPDC when we receive a report of wrongdoing is to identify the most appropriate body to investigate the allegations made in the report. Sometimes the nature of allegations, and the way they are presented, can make it difficult to identify the most appropriate body. It is inevitable that there will be cases where the body we send a report to may not be the best body to deal with the report.

Under the 'objection mechanism' in the Protected Disclosures Act the recipient of a report transmitted by our Office can object to that transmission. Several recipients who have objected to our transmission of reports to them have explained that they objected because other bodies rather than them have the appropriate remit to properly investigate the allegations. In this way we have found that the objection mechanism can be of great assistance in ensuring allegations go to the body best placed to investigate them.

Case Study: Dental Council refuses to accept a report of alleged wrongdoing

Background

We received a report from a dentist employed in a private dental practice. They worked between practice locations for a time before moving full-time to one of them. The dentist alleges that these practices are being managed to the detriment of the clinical care of the patients. While working in their previous practice the dentist informed the practice manager that:

- Unnecessary dental and cosmetic procedures were being carried out in an attempt to maximise fee per hour per dentist as opposed to dealing with patients' best interests.
- Clinical and treatment notes were not recorded.
- Diagnoses were not being made and treatments not recorded.

In their current practice, the dentist, along with a colleague who was also a dentist, made a report regarding the work of two locum dentists alleging that they were:

- Overcharging for their work.
- Not adequately taking notes and medical histories.
- Failing to carry out proper examinations prior to procedures.

Taking the view that the core of the allegations was about the standard of dental care provided to patients, we sent the report to the Dental Council.

Objection by The Dental Council

The Dental Council objected to transmission of the report to it on the grounds that, as the allegations were about how a dental practice is managed rather than about the professional conduct of named dentists, they fall outside the scope of the Dentists Act 1985 which means the Dental Council cannot examine them.

Outcome

The Protected Disclosures Commissioner accepted the objection for those aspects of the report which relate to management of the dental practice. He did not accept the objection regarding the allegations relating to the conduct of dentists as, in his view, those allegations are of professional misconduct, and therefore fall within the remit of the Dental Council under SI 367/2020. Accordingly, the objection in relation to those aspects of the report was not accepted and the allegations relating to the conduct of dentists remained with the Dental Council for follow-up.

The Dental Council responded that they did not accept the Commissioner's position and would not act on the allegations that were transmitted to them. The Commissioner reminded the Dental Council that his decision on whether or not to accept objections to transmission of reports is final. However, the Council repeated its refusal to accept any part of the report.

The Protected Disclosures Commissioner remains of the view that this report should have been assessed by the Dental Council. However, once the Commissioner issues a final decision on objected reports, his role in the matter is finished.

Case Study: Multiple allegations in one report

Background

We received a report from a former worker with allegations concerning misappropriation of funds. There were also allegations of bullying and harassment in the workplace. The man had highlighted the complaint to a number of bodies prior to the formation of the OPDC.

Outcome

We identified a number of Prescribed Persons but decided that the report should be directed to one particular Prescribed Person who would be best placed to carry out an initial assessment and, if there was, on the face of it, evidence of wrongdoing, engage with other bodies as appropriate.

Once a report progresses beyond initial assessment, the Protected Disclosures Act gives a wide scope to recipients of reports as to what further action is appropriate to address the relevant wrongdoing. Appropriate further action could include the referral of wrongdoing to another body for investigation. For example, if it appears that the relevant wrongdoing involves criminality, appropriate further action could include referral to An Garda Síochána for investigation. Similarly, if it appears that part of the relevant wrongdoing merits further investigation or other action by a different regulator, appropriate further action could include referral to that regulator. However, the body responsible for carrying out the initial assessment retains responsibility for continuing to provide feedback to the reporting person on request. The body also has a duty to communicate to the reporting person the final outcome of any investigation triggered by the report.



Coimisinéir um Nochtadh Cosanta
Protected Disclosures Commissioner

Tuarascáil Bhliantúil 2023

Éascaimid tuairiscí ar éagóir
san ionad oibre

2024 ©Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta

Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta

6 Ardán Phort an Iarla

Baile Átha Cliath 2

D02 W773

Tel: (01) 639 5650

Ríomhphost : info@opdc.ie

Suíomh Gréasáin: www.opdc.ie

Deartha ag: wonder works



Tuarascáil Bhliantúil 2023

Clár na n-ábhar

Teachtaireacht ón gCoimisinéir um Nochtadh Cosanta	2
Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir	4
1. An réimeas Nochtadh Cosanta in Éirinn	6
2. Próiseas agus cur chuige an Choimisinéara maidir le tuarascálacha ar éagóir	10
3. 2023 in uimhreacha	14
4. Saincheisteanna earnála	18
5. Téama ón gcéad bhliain in oifig: Roinnt bearnaí sa rialachán	20
6. Dúshlán a bhí againn le linn ár gcéad bhliain oibriúcháin	22
6.1 Míthuiscint faoi ról ár nOifige	22
6.2 Tuarascálacha leantacha	23
6.3 Tuarascálacha gan ainm	24
6.4 Amlínte dúshlánacha	24
6.5 Cur chuige maidir le tuarascálacha a dhúntar ar mheasúnú tosaigh	25
6.6 Comhlachtaí poiblí gan cainéil Nochtadh Cosanta	25
7. Agóidí i gcoinne ár gcinntí	27
8. Tuarascálacha ina bhfuil níos mó ná líomhain amháin	28
9. Cásanna arna nglacadh agus arna measúnú ag an gCoimisinéir um Nochtadh Cosanta	29
10. Rialachas corparáide	30
11. Cás-Staidéir	31



Teachtaireacht ón gCoimisinéir um Nochtadh Cosanta

Cuireadh tús leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022 (an tAcht), ar an 1ú Eanáir 2023, bunaíodh Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta (OCNC) agus rinne foráil gurb é an tOmbudsman an Coimisinéir um Nochtadh Cosanta freisin. Dá réir sin, ceapadh mé mar an chéad Choimisinéir um Nochtadh Cosanta ar an 1ú Eanáir 2023.

Ba í 2023 an bhliain faoi athbhreithniú, an chéad bhliain d'oibriú na hOifige. Cosúil le bunú aon eagraíochta nua, ba bhliain foghlama agus fáis a bhí sa chéad bhliain, agus ní gan roinnt dúshlán.

Is é príomhchuspóir ár nOifige ná tuairiscí ar éagóir a tharchur chuig an gcomhlacht nó chuig an duine is oiriúnaí chun obair leantach a dhéanamh ar na tuarascálacha sin. I gcúinsí teoranta áirithe, glacaimid le tuarascálacha féin freisin, nuair nach féidir linn comhlacht cuí a aithint a fhéadfaidh déileáil leis an tuarascáil. Feidhmíonn obair ár nOifige chun éagóir a aithint agus chun iad siúd a thuiriscigh aon éagóir a chosaint.

Bíonn misneach agus ciontú ag teastáil chun éagóir a thuirisciú, agus i go leor cásanna, déantar é as braistint láidir dualgais trí ghlaoch a chur ar an éagóir agus stop a chur leis. Cabhraíonn sé chun oibrithe agus an pobal a chosaint má dhéantar éagóir. Tá sé ríthábhachtach go gcosnófar iad siúd a dhéanann tuairiscí dlisteanacha ar éagóir agus go ndéanfaí obair leantach i gceart ar a dtuiriscí.

Tá sé tábhachtach go nglacfaidh eagraíochtaí tuairiscí ar éagóir i ndáiríre. Ba cheart a mheas gur uirlis thábhachtach iad tuarascálacha den sórt sin maidir le dea-rialachas corparáideach, agus chun an éagóir a shainaithint agus chun stop a chur leis. Ní ghlacann eagraíochtaí áirithe leis an dearcadh seo agus léiríonn siad drogall ar dhéileáil le tuairiscí éagóra, ag tairiscint an iliomad cúiseanna nó gnéithe teicniúla gan déileáil le nochtadh.

Le linn ár gcéad bhliain oibriúcháin bhí roinnt cásanna againn ina raibh eagraíochtaí ag brath ar léirmhínte cúng ar an reachtaíocht chun déileáil le tuarascálacha a sheachaint.

Ba cheart d'eagraíochtaí a fhaigheann tuairiscí a bheith aireach ar an bhfíric go bhfuil siad, ní hamháin ag coinneáil lena sainordú dlíthiúil, ach ag cothú agus ag spreagadh cultúr cuntasachta, ionracais agus trédhearcachta, agus ag feabhsú an leas coiteann, trí thuiriscí éagóra a leanúint

suas. Ní dea-rialachas ná bainistíocht, i mo thuairim, é neamhaird a dhéanamh de thuiriscí éagóra nó iad a sheachaint, agus b'fhéidir ligean don éagóir leanúint ar aghaidh, ar bhonn teicniúil.

Tháinig roinnt téamaí chun cinn ónár gcuid oibre le linn 2023. Mar a fheicfear ón tuarascáil seo níl an réimeas nua um nochtadh cosanta d'Éirinn, le go leor gníomhaithe agus céimeanna, simplí agus mar sin is féidir míthuiscint a fháil air. D'fhéadfadh míthuiscint ar ról an OCNC agus a chuid teorainneacha a áireamh leis seo. Tá na daoine a dhéanann tuairiscí agus na daoine a fhaigheann iad míthuiscint ar ár ról.

Leagtar amach sa tuarascáil seo níos mó sonraí faoinár ról agus faoinár bpróiseas, mar aon leis an gcóras iomlán um nochtadh cosanta. Ina theannta sin, leagaimid amach na dúshláin agus na saincheisteanna athfhillteacha eile atá roimh ár n-eagraíocht. Tá céimeanna glactha againn chun tuiscint a fheabhsú ar cad a dhéanann ár nOifig agus táimid tiomanta chun cur leis seo i 2024.

Saincheist eile a chruthaigh dúshláin shuntasacha dár nOifig, agus dóibh siúd a úsáideann ár seirbhís, ná na teorainneacha ama thar a bheith gearr atá leagtha amach inár reachtaíocht rialaithe maidir leis na spriocdhátaí reachtúla faoina gceanglaítear orainn freagairt do thuarascálacha. Creidim go láidir gur cheart na spriocdhátaí éigeantacha seo a leasú chun a chinntiú gur féidir lenár nOifig leanúint ar aghaidh ag obair ar na caighdeáin is airde leis na hacmhainní atá againn.

Léiríonn dúshláin eile a tháinig romhainn saincheisteanna reachtaíochta níos mó ar chóir don Rialtas gníomhú ina leith – go háirithe bearnaí ina bhfuil easpa maoirseachta rialála nó eile aitheanta againn lena n-áirítear san earnáil sláinte. Ní mór aghaidh a thabhairt orthu seo mar ábhar práinne chun an pobal a chosaint.

In ainneoin na ndúshlán seo, d'éirigh leis an gcéad bhliain dár nOifig na córais agus na meicníochtaí a neartú le haghaidh tuairiscithe, agus obair leantach a dhéanamh ar éagóir líomhnaithe san ionad oibre.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ard-Stiúrthóir agus le foireann an OCNC as a ndúthracht agus a dtiomantas i mbunú na hOifige agus as bainistiú a dhéanamh ar an líon suntasach nochtadh a fuarthas le linn ár gcéad bhliain oibriúcháin.

Táim ag tnúth le cur leis an méid atá foghlamtha againn le bliain anuas agus le leanúint ag obair go dlúth lenár bpáirtithe leasmhara. Mar fhocal scoir, is cúis áthais dom an chéad Tuarascáil Bhliantúil ó Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta a chur faoi bhráid Dháil Éireann agus Sheanad Éireann de bhun na bhforálacha in Alt 22(9)(a) den Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022.



Ger Deering

An Coimisinéir um Nochtadh Cosanta
Bealtaine 2024



Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir

I dtús báire ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bhfoireann as a gcuid oibre crua i rith na bliana chun ár gcuspóir straitéiseach an-tábhachtach a bhaint amach maidir le cinntiú go raibh Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta (OCNC) in ann feidhmiú go héifeachtach nuair a bunaíodh í. D'oibrigh ár bhfoireann go dian chun próisis oibre a cheapadh a bhí slán agus láidir agus a thacaigh le neamhspleáchas an OCNC, agus chun socruithe éifeachtacha idirchaidrimh a bhunú le gach Roinn rialtais agus le daoine forordaithe chun a chinntiú go gcloítear leis na hamlínte dochta maidir le tuarascálacha a tharchur mar atá leagtha amach san Acht. Chabhraigh na socruithe idirchaidrimh seo go mór agus bhuaileamar le go leor comhlachtaí poiblí i rith na bliana chun ár ról a mhíniú agus a shoiléiriú. Leanaimid de bheith ag spreagadh na gcomhlachtaí poiblí go léir dul i dteagmháil linn.

Toisc gur bunaíodh muid mar chuid d'Oifig an Ombudsman tá ar ár gcumas dul ar an bhfód agus foireann le taithí a bhunú san OCNC leis an meon neamhspleách a theastaíonn chun ár sainchúram an-sonrach a chomhlíonadh. Taobh thiar d'fhoireann OCNC, tá "dromlach corparáideach" againn, a sholáthraíonn na tacaíochtaí cúloifige go léir ionas go mbeidh foireann OCNC ar fáil go hiomlán chun díriú ar obair OCNC. Cuimsíonn an dromlach corparáideach AD, TFC, Airgeadas, Soláthar, Áiseanna, Dlí, Cumarsáid, chomh maith le tacaíocht chun iarratais ar Chosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise a láimhseáil. Rinne an fhoireann TFC dul chun cinn suntasach i 2023 trí go leor dár bhfeidhmeanna tacaíochta a sheachfhoinsiú chuig Oifig Phróimh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OPOFR) agus trínár Straitéis TFC a ailíniú le straitéis OPOFR. Is é an éifeacht a bheidh aige seo ná ár slándáil sonraí a fheabhsú agus athléimneacht fhadtéarmach a chruthú inár gcórais. Lean ár bhfoireann Dlí ag tabhairt tacaíochta do gach ceann de na hOifigí maidir le cásobair agus imscrúduithe agus rinne siad bainistíocht ar ár gcostas dlí agus ár soláthar le béim ar dhearbhu cáilíochta agus luach ar airgead. Ghlacamar páirt freisin sa chéad bhabhta de Chóras Bainistíochta Airgeadais nua na Státseirbhíse, a bhí ina mhórhionscadal dár bhfoireann Airgeadais agus táim bródúil as an obair a rinne siad air. Bhí siad seo go léir mar chuid de na Cuspóirí Straitéiseacha a leagadh amach inár Ráiteas Straitéise 2022 - 2025.

Agus muid ag druidim lenár dara bliain oibríochta i 2024 táimid ag tnúth le hathbhreithniú a dhéanamh ar ár ndul chun cinn maidir lenár gcuspóirí a bhaint amach. Leanfaimid ag díriú ár bhfor-rochtana ar phríomhpháirtithe leasmhara, ag neartú agus ag feabhsú ár bpróisis oibre chun an tuiscint ar cad a ndéanaimid a mhéadú, agus a chinntiú go ndéantar measúnú agus obair leantach ar thuiriscí éagóra i gceart. Coinneoidimid ár n-oscailteacht agus ár n-inrochtaineacht do dhaoine tuairiscithe agus do dhaoine forordaithe agus do dhaoine oiriúnacha eile.



Elaine Cassidy
Ard-Stiúrthóir

1. An réimeas Nochtadh Cosanta in Éirinn

Is é an taithí atá againn le linn na chéad bhliana oibríochta ná go bhféadfadh mearbhall a bheith ag baint leis an gcóras um nochtadh cosanta a leanúint. Seo thíos cuid de na príomheagraíochtaí a dhéileálann le Nochtadh Cosanta.



An Roinn Caiteachais Phoiblí
Sheachadadh PFN agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure
NDP Delivery and Reform

An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe

Tá freagracht iomlán ar an Roinn as creat a fhorbairt chun beartas an Rialtais ar Nochtadh Cosanta a chur i bhfeidhm. Cuireadh tús leis an réimeas bunaidh faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ar an 15ú Iúil 2014. Achtaíodh an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022 chun Treoir 2019/1937 ón AE a chur i bhfeidhm agus cuireadh tús leis ar an 1ú Eanáir 2023. Leasaigh sé seo reachtaíocht 2014, ag nuashonrú an chreata reachtúil bunaidh ar an gcaoi ar cheart déileáil le nochtadh cosanta. De ghrá na héascaíochta, tagaimid “an tAcht” don Acht um Nochtadh Cosanta 2014, arna leasú leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022”.



Fostóirí

Forálann an tAcht go gcaithfidh aon duine ar mian leo nochtadh a dhéanamh a bheith ina “oibrí”¹ de chuid na heagraíochta, mar atá sainmhínithe san Acht, ar mian leo líomhaintí a dhéanamh ina leith. Cuireann an tAcht dualgas ar gach fostóir san earnáil phoiblí agus ar fhostóirí san earnáil phríobháideach a bhfuil 50 ball foirne nó níos mó acu bealaí tuairiscithe inmheánacha a bhunú, a chothabháil agus a oibriú chun tuarascálacha a fháil faoin Acht. Spreagtar oibríthe, nuair is féidir, chun éagóir a ghlaoch ar a bhfostóir ar dtús chun deis a thabhairt dóibh é a chur ina cheart.

1 [https://revisedacts.lawreform.ie/eli/2014/act/14/section/3/revised/en/html#:~:text=F8%5B%22worker,2\)\(b\)%2C](https://revisedacts.lawreform.ie/eli/2014/act/14/section/3/revised/en/html#:~:text=F8%5B%22worker,2)(b)%2C)



An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

Má chreideann oibrithe gur gearradh pionós orthu as nochtadh a dhéanamh is féidir leo dul chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO), a bhfuil an chumhacht aige cúiteamh a dhámhachtain i gcásanna áirithe. Ba cheart go mbeadh a fhios ag oibrithe go bhfuil feidhm ag teorainneacha ama maidir le cásanna a thógáil chuig an CCÁO.



Trédharcacht Éireann Idirnáisiúnta

Forálann an tAcht go gcuirfidh an Roinn meicníocht tacaíochta ar fáil do dhaoine ar mian leo nochtadh a dhéanamh. Tá Trédharcacht Éireann Idirnáisiúnta (TÉI) ainmnithe chun na críche sin. Feidhmíonn TÉI líne chabhrach do chásanna den sórt sin agus cuireann sé seirbhís chomhairle dlí teoranta ar fáil.



Daoine Forordaithe

Forálann an tAcht gur Daoine Forordaithe iad comhlachtaí seirbhíse poiblí áirithe, go príomha rialtóirí, chun déileáil le nochtadh ar leith. Tá Daoine Forordaithe ainmnithe chun nochtadh a fháil go díreach ó aon duine nó comhlacht laistigh dá réimse freagrachta. Is féidir leo freisin nochtadh a tharchur chuig Daoine Forordaithe eile nó chuig an OCNC. Déanann siad é seo nuair nach bhfuil sainchúram orthu leanúint suas ar na líomhaintí atá sa tuarascáil ach go bhfuil siad ar an eolas faoi Dhuine Forordaithe eile a bhfuil a leithéid de shainchúram aige.



Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta


Forálann an tAcht chun ár nOifig a bhunú – Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta. Is í an phríomhfheidhm atá againn ná nochtaí a sheoladh chuig cibé comhlacht a chreidimid atá in ann obair leantach a dhéanamh i gceart ar na líomhaintí atá leagtha amach iontu. Tá sé de dhualgas orainn Duine Forordaithe cuí a shainaitheint ar dtús chun na críche sin, agus mura féidir linn duine a aithint, ní mór dúinn an tuarascáil a tharchur chuig an gcomhlacht is oiriúnaí a mheasaimid a bheith ar an gcomhlacht is oiriúnaí (mar atá leagtha amach san Acht mar Dhaoine Oiriúnacha Eile). Ní féidir leis an OCNC glacadh le tuairisc le haghaidh iarchúram mura féidir faighteoir eile cuí a aimsiú.



Daoine Oiriúnacha Eile

Is comhlachtaí iad seo nach bhfuil ainmnithe mar Dhaoine Forordaithe a measann an OCNC iad a bheith cuí chun an tuarascáil a fháil agus a leanúint. Is féidir leis na comhlachtaí seo nochtaí a fháil ón Oifig seo ach ní féidir leo iad a atreorú chuig Daoine Forordaithe eile.

An réimeas institiúideach um Nochtadh Cosanta in Éirinn



2. Próiseas agus cur chuige an Choimisinéara maidir le tuarascálacha ar éagóir

Déanann formhór na ndaoine teagmháil lena bhfostóir nó le duine forordaithe chun éagóir a bhaineann leis an obair a thuirisciú. Is gnách go mbíonn duine forordaithe ina rialtóir in earnáil na héagóra líomhnaithe. Mar shampla, i gcás tuairisce ina sonraítear sárú ar an dlí comhshaoil, is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an duine forordaithe a bhfuil an fheidhm rialála aige.

Toisc gur minic nach mbíonn tuairisceoirí cinnte cá háit ar cheart dóibh a dtuairisc a sheoladh, nó nach mian leo a dtuairisc a sheoladh chuig a bhfostóir, is féidir leo tuairisc a dhéanamh díreach chugainn. Is é an ról atá againn ná tuairiscí ar éagóir a sheoladh chuig an eagraíocht chuí de réir an Achta. I gcúinsí áirithe, déanfaimid obair leantach ar thuirisciú na héagóra mura bhfuil aon eagraíocht chuí eile ann.

Toisc gurb é seo ár dtuarascáil ar ár gcéad bhliain oibríochta, is dóigh linn go bhfuil sé cabhrach ár gcur chuige i leith ár ról a leagan amach thíos.

C. Conas a fhaighimid tuairiscí?


F. Is féidir linn tuairiscí ar éagóir a fháil:

- go díreach ó oibrí
- ó Aire, a bhfuil sé de dhualgas air é a sheoladh chuig an OCNC laistigh de dheich lá tar éis é a fháil nó
- ó 'dhuine forordaithe' i gcúinsí áirithe.

C. Cad a tharlóidh má bhíonn an t-oibrí neirbhíseach faoi thuirisciú?

F. B'fhéidir gur mhaith le duine labhairt le Trédhearcacht Éireann Idirnáisiúnta a bheidh in ann cúnaimh agus comhairle a thabhairt.

Tuigimid go bhféadfadh eagla a bheith ar oibríthe, go háirithe san earnáil phríobháideach, faoi iarmhairtí. Spreagaimid daoine chun labhairt linn sula ndéanann siad tuairisc má tá imní orthu. Is féidir teagmháil a dhéanamh linn ar an nguthán, ríomhphost nó trí ghlaoch chuig ár n-oifig.



C. Cad a dhéanaimid nuair a fhaigheann muid tuairiscí?

F. Is é an chéad chéim atá againn, más gá, ná aon eolas breise nó soiléireacht a lorg ón tuairisceoir. Déantar é seo ar an teileafón nó ríomhphost.

Ní dhéanaimid tuairiscí a scrúdú agus níl ról againn maidir le cinneadh a dhéanamh an bhfuil aon éagóir sa tuairisc, nó an bhfuil an duine ina oibrí.

Déanaimid athbhreithniú ar an tuarascáil chun a fháil amach cé chuige ar cheart dúinn í a tharchur. Is éard atá i gceist leis seo ná taighde a dhéanamh ar an earnáil, ar an tírdhreach rialála agus ar shainchúraimí reachtúla na bhfaighteoirí ionchasacha ar duine forordaithe nó ‘duine oiriúnach eile’ i bhformhór na gcásanna.

C. Cad a tharlaíonn do thuarascálacha gan ainm?

F. Déanaimid ár ndícheall tuarascálacha gan ainm a tharchur. Is minic a bhíonn sé deacair, áfach, saincheisteanna a tuairiscíodh gan ainm a mheas agus a fhiosrú. Ní féidir, mar shampla, tuilleadh faisnéise nó soiléire a lorg ó thuirisceoir gan ainm.

C. Conas a shocraímid cá háit le tuarascálacha a tharchur?

F. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le cá háit ar cheart tuairiscí ar éagóir a tharchur, breithnímid na nithe seo a leanas:

- Rúndacht agus sábháilteacht an duine tuairiscithe
- Sainchúram reachtúil daoine forordaithe ionchasacha
- Nádúr an fhostóra agus cibé an earnáil phoiblí nó phríobháideach é
- Méid na heagraíochta agus cibé an bhfuil cainéal nochtá cosanta forbartha i bhfeidhm acu, agus
- An bhfuil duine oiriúnach eile ann.

C. Cad a tharlóidh mura féidir linn duine forordaithe a aithint chun an tuairisc a fháil?

F. Sa chás nach bhfuil duine forordaithe ann ní mór dúinn a chinneadh cé hé/hí an “duine oiriúnach eile” cuí chun an tuairisc a fháil. Tá an t-údarás ag an gCoimisinéir um Nochtadh Cosanta (an Coimisinéir) cinneadh a dhéanamh maidir le cé hé/hí duine oiriúnach agus ní mór don duine sin an tuarascáil a fháil agus gníomhú dá réir.

C. Cad a tharlóidh má tá líomhaintí iolracha ar cheisteanna éagsúla sa tuarascáil?

F. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh líomhaintí iolracha ar shaincheisteanna éagsúla, a thagann faoi shainchúram roinnt faighteoirí éagsúla, i dtuairisc. I gcásanna den sórt sin breithneoidimid an bhfuil sé cuí an tuarascáil a scoilt agus í a chur chuig comhlachtaí éagsúla nó í a sheoladh ina hiomláine chuig comhlacht amháin a mheasaimid atá sa riocht is fearr chun déileáil leis na líomhaintí go léir. Déanaimid tagairt bhreise dó seo i gcuid 9 den tuarascáil seo.

C. Cad a tharlóidh tar éis dúinn a aithint cén áit ar cheart an tuarascáil a sheoladh?

F. Nuair a aithnítear an Duine Forordaithe nó Duine Oiriúnach eile, cuirimid an tuarascáil ar aghaidh chucu. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go dtarchuirimid tuairiscí uaireanta chuig an gcomhlacht a bhfuil líomhaintí déanta ina choinne. Mar shampla, d'fhéadfadh líomhaintí faoi éagóir laistigh de chomhlacht earnála poiblí dul chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin nó chuig Cathaoirleach Bhord an chomhlachta sin. Déanaimid é seo nuair atáimid sásta go bhfuil meicníocht laistigh den chomhlacht chun na líomhaintí a fhiosrú i gceart agus táimid den tuairim nach gcruthóidh tarchur na tuarascála riosca pionós tromchúiseach ar an duine tuairiscithe nó go ndéanfar an fhianaise a cheilt nó a scrios.

C. An bhfuil ról leanúnach againn tar éis dúinn an tuarascáil a sheoladh?

F. Tá ár rannpháirtíocht críochnaithe tar éis dúinn tuairisc na héagóra a chur ar aghaidh chuig na daoine is oiriúnaí. Déanfaidh an eagraíocht sin na bearta iomchuí chun déileáil leis an nochtadh, agus tá oibleagáid dhlíthiúil uirthi obair leantach a dhéanamh ar an tuarascáil. Níl aon ról ag an gCoimisinéir maidir le maoirseacht a dhéanamh ar obair leantach ó chomhlachtaí eile.


C. Cad a tharlóidh mura féidir linn a aithint cá háit le tuarascáil a sheoladh?

F. Sa chás nach bhfuil duine forordaithe nó duine oiriúnach eile ann, glacfaimid leis an tuarascáil agus déanfaimid measúnú uirthi mar gurb é an Coimisinéir an Duine Forordaithe ainmnithe mar rogha dheireanach.

C. Cad a tharlaíonn do thuairiscí éagóra a fhaightear roimh an 1ú Eanáir 2023?

F. Tháinig an córas nua agus ár nOifig araon i bhfeidhm ón 1ú Eanáir 2023. Níl feidhm ag an gcóras nua maidir le tuairiscí ar éagóir a fuair comhlachtaí eile roimh an 1ú Eanáir 2023. Ina áit sin, foráiltear ann go dtabharfar tuarascálacha den sórt sin i gcrích i gcomhréir leis an réimeas bunaidh san Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Mar sin, níl aon ról ag ár nOifig maidir le tuarascálacha a fuarthas roimh an 1ú Eanáir 2023. Le linn 2023 fuaireamar 2 thuairiscí a seoladh chuig comhlachtaí ábhartha faoin gcóras bunaidh roimh an 1ú Eanáir 2023 agus sheolamar ar ais iad go dtí na comhlachtaí/tuairisceoirí a sheol chugainn iad le leanúint ar aghaidh leis na tuarascálacha sin ar dtús.

Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta: Amlínte agus próiseas



3. 2023 in uimhreacha

Fuaireamar **283** tuairisc ar éagóir líomhnaithe i 2023



Cad a rinne muid leis na tuarascálacha:

Tarchurtha chuig Daoine Forordaithe / Daoine Oiriúnacha Eile		267
Dhéileáil an OCNC leo		14
Críochnaithe	4	
Ar lámh	10	
Ar lámh agus ag fanacht le tarchur i 2024		2
Iomlán		283

Tuarascálacha faighte de réir earnála:

Cosaint	42
Leighis	39
Tithe Altranais/Cónaithe	34
Oideachas	23
Aerlíne	21
Údarás Áitiúil	21
Póilíneacht	16
Iompar	11
Iascaigh	8
Príosúin	8
Eile	60
Iomlán	283

Cén áit a bhfuair an OCNC tuarascálacha?





Iomlán 283

Na 5 Roinn Rialtais is mó a tharchuir tuarascálacha chuig an OCNC:

An Roinn Cosanta	26
An Roinn Dlí agus Cirt	26
An Roinn Oideachais	25
An Roinn Iompair	17
Oifig an Taoisigh	17

Cá dtarchuireann an OCNC tuairiscí chuig?*



* D'fhéadfadh cásanna áirithe a bheith tarchurtha chuig comhlachtaí iolracha

Na 5 Roinn Rialtais is mó a chuireamar tuarascálacha ar aghaidh chuig:

An Roinn Cosanta	24
An Roinn Oideachais	23
An Roinn Dlí agus Cirt	10
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	8
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	8

Na 5 Dhuine Forordaithe/Duine Oiriúnach eile is mó ar tharchuireamar tuarascálacha chuig:

An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	27
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	14
Údarás Eitlíochta na hÉireann	11
Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána	10
Banc Ceannais na hÉireann	8

Líon na dtuarascálacha arna gcur isteach ag daoine tuairiscithe aonair

Líon na ndaoine tuairiscithe	Nochtuithe arna gcur isteach ag an duine tuairiscithe
118	1
8	2
7	3
3	4
2	5
1	6
1	8
1	21
1	35
1	36

4. Saincheisteanna earnála

Fuaireamar tuairiscí ar éagóir líomhnaithe i ndáil le roinnt earnálacha. Seo iad na hearnálacha leis an líon is mó tuarascálacha:

Oideachas

I rith 2023 fuaireamar 17 dtuairisc ag líomhain éagóir i scoileanna dara leibhéal. Astu seo, tagann 12 de na scoileanna faoi shainchúram na mBord Oideachais Oiliúna cuí.

Thug an Coimisinéir faoi deara, cé nach é an ról atá aige obair leantach a dhéanamh ar na líomhaintí i dtuarascálacha a tharchuireann an Oifig seo chuig comhlachtaí cuí, is díol suntais é mar sin féin go dtagann an oiread sin de na tuarascálacha a bhaineann le scoileanna ón earnáil BOO. As na 17 dtuarascáil a bhí i gceist, tharchuir an Oifig seo trí cinn ar ais chuig an BOO i gceist agus aistríodh na 14 cinn eile chuig an Roinn Oideachais. Ba é an dearcadh a bhí aige, sa chás nár bhain na líomhaintí le pearsanra sinsearach laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna ábhartha, go raibh sé cuí de ghnáth an tuarascáil a tharchur chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna ábhartha le haghaidh leantach. Mar sin féin, i gcás inar bhain na líomhaintí le pearsanra níos sinsearaí laistigh den BOO, bhí faighteoir ón Roinn níos oiriúnaí. Mar sin féin, breithníodh gach tuarascáil ar a fíricí ar leith.

Cosaint

Áirítear leis an earnáil seo Óglaigh na hÉireann, an Roinn Cosanta agus Ombudsman Óglaigh na hÉireann. Fuaireamar 34 tuairisc san iomlán maidir leis an earnáil seo ó sheisear tuairisceoirí éagsúla i 2023. Líomhain deich gcinn de na tuarascálacha go ndearna siad éagóir ar na tuairisceoirí féin. Bhí moltaí ann freisin maidir le nochtadh roimhe seo agus easpa gníomhaíochta nó gníomh míchuí ina leith.

Bhí gá le breithniú cúramach a dhéanamh ar fhíricí agus ar chúinsí ar leith gach tuairisce sula ndearnadh cinneadh ar an bhfaighteoir cuí le tabhairt faoi obair leantach. Tarchuireadh 24 cás chuig an Roinn Cosanta, aistríodh 2 chás chuig an gCeann Foirne in Óglaigh na hÉireann agus ghlac an OCNC le 5 chás le leanúint suas.

